Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0102(NLE)

9663/24
ADD 3

AELE 35
MI 480
AND 8
SM 8

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Aibreán 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 191 final - Annex (Part 3/14)
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 191 final - Annex (Part 3/14).

Faoi iamh: COM(2024) 191 final - Annex (Part 3/14)

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2024
COM(2024) 191 final

ANNEX – PART 3/14

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach

IARSCRÍBHINN I – PRÓTACAL ANDÓRA

SÁBHÁILTEACHT BIA – TRÉIDLIACHT – ÁBHAIR FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chreat-Chomhaontú

CLÁR ÁBHAR

CUID I — GINEARÁLTA

1 Dlíthe bia 4

2 Seiceálacha oifigiúla 14

3 Coistí 33

4 an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia 35

5 Ionstraimí Aontachais 37

CUID II — TRÉIDLIACHT

1 Córas rialaithe sa mhargadh inmheánach 40

2 Córas rialaithe le haghaidh allmhairí 64

3 Ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus a ngluaiseachtaí a chlárú 83

4 Bearta rialaithe maidir le galair ainmhithe 87

5 Trádáil in ainmhithe beo, seamhan, ubháin agus suthanna laistigh den Aontas 113

6 Gluaiseacht neamhthráchtála peataí 133

7 Toirmeasc ar shubstaintí agus rialú iarmhar 135

8 Ceanglais allmhairiúcháin maidir le hainmhithe beo agus táirgí ainmhí 137

9 Comhaontuithe Idirnáisiúnta an Aontais 272

10 Leas ainmhithe 337
11 Zóiteicnic 342
CUID III — BIA, BEATHA AGUS SEACHTHÁIRGÍ AINMHÍ A CHUR AR AN MARGADH
1 Rialacha sláinteachais 346
2 Rialacha sonracha maidir le táirgí ainmhí 351
3 Rialacha rialaithe 361
4 Rialacha sonracha rialaithe maidir le táirgí ainmhí 370
5 Rialacha maidir le seachtháirgí ainmhí 385
6 Seiceálacha a mhaoiniú 389
7 Rialacha sonracha maidir le sláinteachas beatha 390
CUID IV — RIALACHA SÁBHÁILTEACHTA BIA
1 Cur i láthair lipéadaithe agus fógraíocht ar earraí bia lena n-áirítear maímh chothúcháin agus shláinte agus lipéadú cothúcháin 391
2 Breiseáin údaraithe agus critéir íonachta 408
3 Einsímí bia 424
4 Tuaslagóirí eastósctha 425
5 Blastáin 426
6 Ábhair teagmhála bia 432
7 Forbhianna 437
8 Bia atá ceaptha lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe 441
9 Earraí bia mear-reoite 443
10 Éilleáin 445
11 Bianna núíosach 453
12 Radaíocht Ianúcháin 504
13 Uisce mianraí 506
14 Comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais 507

CUID V – RIALACHA SONRACHA LE hAGHAIDH BEATHA

1 Beatha a chur ar an margadh agus a úsáid 539

2 Breiseáin bheathaithe 542

3 Substaintí neamh-inmhianaithe 626

4 Ábhar beatha íocleasaithe 630

5 Comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais 631

CUID VI – FÍTEASHLÁINTÍOCHT

1 Sláinte plandaí – Orgánaigh dhíobhálacha 654

2 Sláinte plandaí – Táirgí cosanta plandaí 688

3 Cáilíocht síolta agus ábhair iomadaithe 882

4 Cearta maidir le cineálacha plandaí 932

5 Comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais 936

CUID VII – ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE

1 Iad a scaoileadh isteach sa timpeallacht. 979

2 Bia agus beatha atá géinmhodhnaithe 987

RÉAMHRÁ

I gcás ina bhfuil nóisin sna gníomhartha dlí dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo nó i gcás ina ndéantar tagairt iontu do nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le dlíchóras an Aontais, amhail:

– aithrisí;

– seolaithe ghníomhartha an Aontais;

– tagairtí do chríocha nó do theangacha an Aontais;

– tagairtí do chearta agus d'oibleagáidí Bhallstáit an Aontais, a n-eintitis phoiblí, a ngnóthais nó a ndaoine aonair i ndáil lena chéile; agus

– tagairtí do nósanna imeachta faisnéise agus fógra;

Beidh feidhm ag Creat-Phrótacal 1 maidir le hoiriúnuithe cothrománacha, mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo.

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

CUID I

GINEARÁLTA

CAIBIDIL 1

DLÍ AN BHIA

1. 32002 R 0178: Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1), arna leasú le:

   – 32003 R 1642: Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 4),

– 32006 R 0575: Rialachán (CE) Uimh. 575/2006 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2006 (IO L 100, 8.4.2006, lch. 3),

– 32008 R 0202: Rialachán (CE) Uimh. 202/2008 ón gCoimisiún an 4 Márta 2008 (IO L 60, 5.3.2008, lch. 17),

– 32009 R 0596: Rialachán (CE) Uimh. 596/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 (IO L 188, 18.7.2009, lch. 14),

– 32014 R 0652: Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 1),

– 32017 R 0228: Rialachán (AE) 2017/228 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2017 (IO L 35, 10.2.2017, lch. 10),

– 32019 R 1381: Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Beidh feidhm ag an Rialachán, agus ag na gníomhartha a ghlacfar dá bhun, maidir le hAndóra.

(b) Beidh Andóra rannpháirteach in obair eolaíoch an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, dá ngairtear "an tÚdarás" anseo feasta.

(c) Iarrfar ar Andóra breathnóirí a chur chuig cruinnithe an Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, cruinnithe a bheidh ag déileáil le hábhair a thagann faoi ghníomhartha dá dtagraítear sa Chomhaontú. Glacfaidh ionadaithe Andóra páirt iomlán in obair an Choiste, ach ní bheidh ceart vótála acu.

(d) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs Airteagal 12:

'Comhlíonfaidh reachtaíocht Andóra a bhaineann le táirgeadh, allmhairiú agus margú bia agus beatha ceanglais ábhartha dhlí an bhia, lena n-áirítear bearta éifeachtacha chun a áirithiú nach féidir táirgí a tharraingítear siar ón margadh i mBallstát de chuid an Aontais a onnmhairiú nó a athonnmhairiú chuig tríú tír trí Andóra.'

(e) Gheobhaidh Andóra an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagail 32(2), 33(4) agus (6), agus 34(4).

(e bis) (e bis) Tuigfear go gcuimsíonn an téarma 'Ballstát(Ballstáit)' atá in Airteagal 28 den Rialachán, Andóra, sa bhreis ar bhrí an téarma sin sa Rialachán.

(f) Beidh feidhm ag Airteagal 29 agus na hoiriúnuithe seo a leanas ag gabháil leis:

Féadfaidh Andóra a iarraidh ar an Údarás tuairim eolaíoch a eisiúint maidir le hábhair a thagann faoina mhisean. Déanfar iarraidh den sórt sin a dhíriú, ar an gcéad dul síos, chuig an gCoimisiún agus déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig an Údarás d'fhonn an tuairim a iarradh a fháil má mheasann sé go bhfuil leas coiteann ag baint leis an iarraidh.

(g) Beidh feidhm ag Airteagal 31 agus an t-oiriúnú seo a leanas ag gabháil leis:

Féadfaidh Andóra a iarraidh ar an Údarás cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar mar a thuairiscítear in Airteagal 31, maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht de bhun an Chomhaontaithe. Déanfar iarraidh den sórt sin a dhíriú, ar an gcéad dul síos, chuig an gCoimisiún agus déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig an Údarás d'fhonn an tuairim a iarradh a fháil má mheasann sé go bhfuil leas coiteann ag baint leis an iarraidh.

(h) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 48:

'De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) de Choinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, náisiúnaigh Andóra a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis iad a fhostú faoi chonradh.'

(i) Beidh feidhm ag Airteagal 53 agus Airteagal 54 agus na hoiriúnuithe seo a leanas ag gabháil leis:

1. I gcás bia nó beatha de thionscnamh an Chomhphobail nó Andóra, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

   (a) Má bhíonn sé ar intinn ag Páirtí Conarthach amháin bearta éigeandála a ghlacadh i gcoinne an Pháirtí Chonarthaigh eile, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas gan mhoill.

Gan dochar don fhéidearthacht na bearta a chur i bhfeidhm láithreach, reáchtálfar comhairliúcháin idir an Coimisiún Eorpach agus Andóra, arna iarraidh sin d'aon cheann acu, a luaithe is féidir chun teacht ar réitigh iomchuí.

I gcás easaontais, féadfaidh aon cheann de na Páirtithe an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Measctha. Mura féidir teacht ar chomhaontú sa Choiste sin, féadfaidh Páirtí Conarthach bearta iomchuí a ghlacadh. Beidh na bearta sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun an cás a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe;

(b) Má tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach cinneadh a dhéanamh maidir le bearta éigeandála a bhaineann le cuid de chríoch an Aontais, cuirfidh sé Andóra ar an eolas faoi sin gan mhoill.

Má dhéanann an Coimisiún cinneadh maidir le bearta éigeandála a bhaineann le cuid de chríoch an Aontais, déanfaidh Andóra, tar éis dul i gcomhairle leis an gcás agus tar éis scrúdú a dhéanamh air, bearta comhfhreagracha a ghlacadh mura léiríonn a staid shonrach nach bhfuil údar leis na bearta sin. Sa chás sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach.

Reáchtálfar comhairliúcháin a luaithe is féidir chun teacht ar réitigh iomchuí. I gcás easaontais, beidh feidhm ag an gceathrú fomhír de mhír (a).

2. I gcás bia agus beatha ó thríú tír, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) Déanfaidh Andóra, go comhuaineach le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, bearta éigeandála a ghlacadh, bearta a chomhfhreagróidh do na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit sin maidir le hallmhairí ó thríú tíortha.

(b) I gcás aon deacrachta a bhaineann le gníomh de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, déanfaidh Andóra an t-ábhar a thuairisciú láithreach don Choiste Measctha.

(c) Tá cur i bhfeidhm na míre seo gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfadh Andóra bearta éigeandála aontaobhacha go dtí go nglacfar na cinntí a luaitear in (a).

(d) Féadfaidh an Coiste Measctha cinntí an Aontais a thabhairt dá aire.

(j) Leasófar Airteagal 60 mar a leanas:

1. Cuirfear an méid seo a leanas le mír 1:

‘Má tá Andóra den tuairim nach bhfuil beart a rinne Ballstát den Aontas Eorpach ag luí leis an Rialachán seo nó gur dócha go ndéanfaidh sé difear d’fheidhmiú an Chomhaontaithe, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an Choiste Mheasctha. Beidh feidhm ag an méid sin freisin má tá Ballstát den Aontas Eorpach den tuairim nach bhfuil beart a rinne Andóra ag luí leis an Rialachán seo nó gur dócha go ndéanfaidh sé difear d’fheidhmiú an Chomhaontaithe.’;

2. I mír 2, an chéad abairt agus an abairt dheireanach, léifear na focail ‘Andóra agus Ballstát an Aontais Eorpaigh’ mar ‘an dá Bhallstát’ agus léifear ‘Coiste Measctha’ mar ‘Coimisiún’. Sa dara habairt, léifear na focail ‘Féadfaidh an Coiste Measctha, ar iarratas ó cheachtar de na Páirtithe Conarthacha’ mar ‘Féadfaidh an Coimisiún’.

(k) Déanfaidh Andóra ranníocaíocht airgeadais le buiséad an Údaráis i gcomhréir le hAirteagal 68 den Chreat-Chomhaontú agus de Phrótacal Andóra.

(l) Deonóidh Andóra pribhléidí agus díolúintí don Údarás, pribhléidí agus díolúintí atá coibhéiseach leo sin atá sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach.

2. 32003 R 1304: Rialachán (CE) Uimh. 1304/2003 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2003 maidir leis an nós imeachta a chuireann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia i bhfeidhm maidir le hiarrataí ar thuairimí eolaíocha a tharchuirtear chuige (IO L 185, 24.7.2003, lch. 6), a ceartaíodh le IO L 186, 25.7.2003, lch. 46.

3. 32004 R 2230: Rialachán (CE) Uimh. 2230/2004 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an líonra eagraíochtaí a oibríonn sna réimsí a thagann faoi mhisean an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO L 379, 24.12.2004, lch. 64).

4. 32011 R 0016: Rialachán (AE) Uimh. 16/2011 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir leis an gcóras mear-rabhaidh um bia don duine agus d’ainmhithe. (IO L 6, 11.1.2011, lch. 7).

5. 32019 D 0300: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha (IO L 50, 21.2.2019, lch. 55).

6. 32009 D 0726: Cinneadh 2009/726/CE ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2009 maidir le bearta cosanta eatramhacha arna ndéanamh ag an bhFrainc maidir le bainne agus táirgí bainne a thabhairt isteach ar a críoch, ar bainne agus táirgí iad a thagann ó ghabháltas ina ndeimhnítear cás maidir leis an scráibeach chlasaiceach (IO L 258, 1.10.2009, lch. 27).

7. 32010 D 0381: Cinneadh 2010/381/AE ón gCoimisiún an 8 Iúil 2010 maidir le bearta éigeandála is infheidhme maidir le coinsíneachtaí de tháirgí dobharshaothraithe a allmhairítear ón India agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (IO L 174, 9.7.2010, lch. 51), arna leasú le:

   – 32012 D 0690: Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/690/AE ón gCoimisiún an 6 Samhain 2012 (IO L 308, 8.11.2012, lch. 21),

   – 32016 D 1774: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1774 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 (IO L 271, 6.10.2016, lch. 7).

8. 32011 D 0884: Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884/AE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2011 maidir le bearta éigeandála i dtaca le rís ghéinmhodhnaithe neamhúdaraithe i dtáirgí ríse de thionscnamh na Síne agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2008/289/CE (IO L 343, 23.12.2011, lch. 140), arna leasú le:

   – 32013 D 0287: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2013 (IO L 162, 14.6.2013, lch. 10).

9. 32013 R 0208: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 208/2013 ón gCoimisiún an 11 Márta 2013 maidir le ceanglais inrianaitheachta le haghaidh eascróg agus síolta atá beartaithe chun eascróga a tháirgeadh. (IO L 68, 12.3.2013, lch. 16).

10. 32013 H 0165: Moladh 2013/165/AE ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le tocsain T-2 agus HT-2 a bheith i láthair i ngránaigh agus i dtáirgí gránach. (IO L 91, 3.4.2013, lch. 12).

11. 32014 R 0853: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 853/2014 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2014 lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1151/2009 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú ola lus na gréine de thionscnamh na hÚcráine nó a choinsínítear ón Úcráin (IO L 233, 6.8.2014, lch. 25).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

12. 32019 R 1793: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89), arna leasú le:

    – 32020 R 1540: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1540 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 353, 23.10.2020, lch. 4),

    – 32021 R 0608: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/608 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 (IO L 129, 15.4.2021, lch. 119),

– 32021 R 1900: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1900 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 387, 3.11.2021, lch. 78),

– 32021 R 2246: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2246 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 (IO L 453, 17.12.2021, lch. 5),

– 32022 R 0913: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/913 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 (IO L 158, 13.6.2022, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 188, 15.7.2022, lch. 152,

– 32022 R 2389: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2022 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a thagann isteach san Aontas (IO L 316, 8.12.2022, lch. 42).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

13. 32020 R 1158: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 maidir leis na coinníollacha lena rialaítear allmhairí bia agus beatha de thionscnamh tríú tíortha tar éis na timpiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail (IO L 257, 6.8.2020, lch. 1).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

14. 32021 R 1533: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/6 (IO L 330, 20.9.2021, lch. 72).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

CAIBIDIL 2

RIALUITHE OIFIGIÚLA

1. 32017 R 0625: Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 137 24.5.2017, lch. 40, arna leasú le:

– 32019 R 0478: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/478 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2019 (IO L 82, 25.3.2019, lch. 4),

– 32019 R 0627: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51), a ceartaíodh le IO L 325, 16.12.2019, lch. 183,

– 32021 R 1756: Rialachán (AE) 2021/1756 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 357, 8.10.2021, lch. 27).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le hAirteagal 22, agus na forálacha comhfhreagracha a bhaineann le sláinte plandaí den Rialachán seo. Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

2. 32018 R 0631: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/631 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh lotnaidí plandaí (IO L 105, 25.4.2018, lch. 1).

3. 32019 R 0723: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/723 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm shamplach chaighdeánach atá le húsáid sna tuarascálacha bliantúla a chuireann na Ballstáit isteach (IO L 124, 13.5.2019, lch. 1).

4. 32019 R 0624: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialuithe sonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgeadh feola agus ar limistéir táirgthe agus athsheachadta moileasc débhlaoscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1), arna leasú le:

   – 32021 R 1422: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1422 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2021 (IO L 307, 1.9.2021, lch. 1),

– 32022 R 2258: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 (IO L 299, 18.11.2022, lch. 5).

5. 32019 R 0625: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18), a ceartaíodh le IO L 176 5.6.2020, lch. 15, arna leasú le:

– 32020 R 2209: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2209 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2020 (IO L 438, 28.12.2020, lch. 24),

– 32021 R 0573: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/573 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021 (IO L 120, 8.4.2021, lch. 6),

– 32022 R 0887: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/887 ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 (IO L 154, 7.6.2022, lch. 23).

6. 32019 R 0627: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51), a ceartaíodh le IO L 325 16.12.2019, lch. 183, arna leasú le:

– 32020 R 2108: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2108 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 (IO L 427, 17.12.2020, lch. 1),

– 32021 R 1709: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1709 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2021 (IO L 339, 24.9.2021, lch. 84),

– 32022 R 2503: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2503 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2022 (IO L 325, 20.12.2022, lch. 58).

7. 32019 R 0723: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/723 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm shamplach chaighdeánach atá le húsáid sna tuarascálacha bliantúla a chuireann na Ballstáit isteach (IO L 124, 13.5.2019, lch. 1).

8. 32019 R 1012: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhaolú ar na rialacha maidir le hainmniú na bpointí rialaithe agus ar na híoscheanglais le haghaidh poist rialaithe teorann (IO L 165, 21.6.2019, lch. 4).

   Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

9. 32019 R 1013: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2019 maidir le réamhfhógra faoi choinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 165, 21.6.2019, lch. 8).

   Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

10. 32019 R 1014: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phointí trasnaithe teorann, lena n- áirítear lárionaid iniúchta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe a liostú (IO L 165, 21.6.2019, lch. 10).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

11. 32019 R 1081: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1081 ón gCoimisiún an 8 Márta 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le ceanglais shonracha oiliúna don fhoireann i ndáil le seiceálacha fisiceacha áirithe a dhéanamh ag poist rialaithe teorann (IO L 171, 26.6.2019, lch. 1).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

12. 32019 R 1602: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Doiciméad Coiteann Iontrála Shláinte a ghabhann le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí chuig a gceann scríbe (IO L 250, 30.9.2019, lch. 6).

13. 32019 R 1666: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus ar theacht isteach coinsíneachtaí d'earraí áirithe, idir an post rialaithe teorann agus bhunaíocht an chinn scríbe san Aontas (IO L 255, 4.10.2019, lch. 1).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

14. 32019 R 1715: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37), arna leasú le:

– 32021 R 0547: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/547 ón gCoimisiún an 29 Márta 2021 (IO L 109, 30.3.2021, lch. 60).

15. 32019 R 1793: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89), arna leasú le:

– 32020 R 0625: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/625 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2020 (IO L 144, 7.5.2020, lch. 13),

– 32021 R 0608: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/608 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 (IO L 129, 15.4.2021, lch. 119),

– 32021 R 1900: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1900 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 387, 3.11.2021, lch. 78),

– 32021 R 2246: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2246 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 (IO L 453, 17.12.2021, lch. 5),

– 32022 R 0913: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/913 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022, a ceartaíodh le IO L 188, 15.7.2022, lch. 152.

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

16. 32019 R 1873: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir leis na nósanna imeachta ag poist rialaithe teorann chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhí agus táirgí ilchodacha ar bhealach comhordaithe (IO L 289, 8.11.2019, lch. 50).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

17. 32019 R 2074: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha ar choinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus earraí áirithe de thionscnamh an Aontais, agus gur ag filleadh ar an Aontas atá siad, tar éis do thríú tír diúltú dá dteacht isteach (IO L 316, 6.12.2019, lch. 6).

18. 32019 R 2090: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2090 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cásanna ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh nó i gcásanna neamhchomhlíonta i ndáil le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá údaraithe i dtáirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe nó i ndáil le rialacha an Aontais is infheidhme maidir le húsáid nó iarmhair substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de (IO L 317, 9.12.2019, lch. 28).

19. 32019 R 2122: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, rialuithe sonracha maidir le bagáiste pearsanta paisinéirí agus maidir le coinsíneachtaí beaga earraí a sheoltar chuig daoine nádúrtha, earraí nach bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 45), arna leasú le:

– 32021 R 2089: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2089 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2021 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 149),

– 32022 R 0887: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/887 ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 (IO L 154, 7.6.2022, lch. 23).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

20. 32019 R 2123: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha le haghaidh na gcásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh agus ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann agus na gcoinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

21. 32019 R 2124: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi bhealach, á dtrasloingsiú agus á n- iompar ar aghaidh tríd an Aontas, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008, (CE) Uimh. 1251/2008, (CE) Uimh. 119/2009, (AE) Uimh. 206/2010, (AE) Uimh. 605/2010, (AE) Uimh. 142/2011, (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 73), arna leasú le:

– 32020 R 2190: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2190 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 434, 23.12.2020, lch. 3).

22. 32019 R 2125: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2125 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha a dhéanamh ar ábhar pacáistíochta adhmaid, le fógra a thabhairt faoi choinsíneachtaí áirithe agus le bearta a bheidh le déanamh i gcásanna neamhchomhlíonta (IO L 321, 12.12.2019, lch. 99).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir leis an Rialachán seo. Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

23. 32019 R 2126: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2126 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla sonracha i ndáil le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí, bearta atá le glacadh i ndiaidh na rialuithe sin a dhéanamh agus catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 104).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

24. 32019 R 2127: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2127 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Threoir 91/496/CEE, Treoir 97/78/CE agus Treoir 2000/29/CE ón gComhairle (IO L 321, 12.12.2019, lch. 111).

25. 32019 R 2128: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2019/2128 an 12 Samhain 2019 lena mbunaítear an tsamhail de dheimhniú oifigiúil agus rialacha maidir le deimhnithe oifigiúla a eisiúint le haghaidh earraí a sheachadtar chuig soithí atá ag imeacht as an Aontas agus atá beartaithe mar sholáthar loinge nó lena n- ídiú ag an gcriú agus ag paisinéirí, nó chuig bunáit mhíleata de chuid de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO) nó na Stát Aontaithe (IO L 321, 12.12.2019, lch. 114).

26. 32019 R 2129: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí áirithe d'ainmhithe agus d'earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 321, 12.12.2019, lch. 122), arna leasú le:

– 32021 R 2141: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2141 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2021 (IO L 433, 6.12.2021, lch. 5).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

27. 32019 R 2130: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibríochtaí atá le déanamh le linn seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar ainmhithe agus ar earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 128).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

28. 32020 R 1158: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 maidir leis na coinníollacha lena rialaítear allmhairí bia agus beatha de thionscnamh tríú tíortha tar éis na timpiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail (IO L 257, 6.8.2020, lch. 1).

29. 32020 D 1550: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil rialuithe don tréimhse 2021-2025 atá le cur i gcrích ag saineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht slabhra agraibhia an Aontais a fhíorú. (IO L 354, 26.10.2020, lch. 9).

30. 32020 R 1641: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1641 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 maidir le hallmhairí moileasc débhlaoscach, eicínideirmeach, túiniceach agus gastrapód muirí atá beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte lena gcaitheamh ag an duine ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 370, 6.11.2020, lch. 4), arna leasú le:

– 32022 R 0158: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/158 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 (IO L 26, 7.2.2022, lch. 1).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

31. 32020 R 2235: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe, samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1), arna leasú le:

– 32021 R 0617: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/617 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 (IO L 131, 16.4.2021, lch. 41),

– 32021 R 0619: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/619 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 (IO L 131, 16.4.2021, lch. 72),

– 32021 R 1329: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1329 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 (IO L 288, 11.8.2021, lch. 48),

– 32021 R 1469: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1469 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2021 (IO L 321, 13.9.2021, lch. 21),

– 32021 R 1471: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1471 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2021 (IO L 326, 15.9.2021, lch. 1),

– 32022 R 0036: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/36 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 (IO L 8, 13.1.2022, lch. 36),

– 32022 R 0854: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/854 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 69),

– 32022 R 1219: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1219 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 (IO L 188, 15.7.2022, lch. 75).

32. 32021 R 0403: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1), arna leasú le:

– 32021 R 0619: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/619 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 (IO L 131, 16.4.2021, lch. 72),

– 32021 R 1329: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1329 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 (IO L 288, 11.8.2021, lch. 48),

– 32022 R 0037: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/37 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2022 (IO L 8, 13.1.2022, lch. 92),

– 32022 R 0055: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/55 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2021 (IO L 10, 17.1.2022, lch. 4),

– 32022 R 0250: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/250 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 (IO L 41, 22.2.2022, lch. 19).

33. 32021 R 0405: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118), a ceartaíodh le IO L 072 7.3.2022, lch. 8, arna leasú le:

– 32021 R 0606 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/606 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 (IO L 129, 15.4.2021, lch. 65),

– 32021 R 1327: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1327 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 (IO L 288, 11.8.2021, lch. 28),

– 32022 R 0034: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/34 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 (IO L 8, 13.1.2022, lch. 1),

– 32022 R 0363: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/363 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 (IO L 69, 4.3.2022, lch. 40),

– 32022 R 1389: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1389 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2022 (IO L 210, 11.8.2022, lch. 1),

– 32022 R 2293: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2293 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2022 (IO L 304, 24.11.2022, lch. 31).

34. 32021 R 0630: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17), arna leasú le:

– 32022 R 0887: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/887 ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 (IO L 154, 7.6.2022, lch. 23).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

35. 32021 R 0632: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24), arna leasú le:

– 32022 R 1322: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1322 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2022 (IO L 200, 29.7.2022, lch. 25).

Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

36. 32021 R 1353: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile (IO L 291, 13.8.2021, lch. 20).

37. 32021 R 1355: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1355 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2021 maidir le cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla i ndáil le hiarmhair lotnaidicídí atá le leagan síos ag na Ballstáit (IO L 291, 13.8.2021, lch. 120).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir leis an Rialachán seo. Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

38. 32021 R 1533: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/6 (IO L 330, 20.9.2021, lch. 72).

39. 32022 R 0931: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/931 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia (IO L 162, 17.6.2022, lch. 7).

40. 32022 R 0932: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú (IO L 162, 17.6.2022, lch. 13).

41. 32022 D 0575: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/575 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 maidir le bearta éigeandála chun cosc a chur ar ghalar crúb agus béil a thabhairt isteach san Aontas trí choinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí ó thríú tíortha nó ó thríú críocha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2208 (IO L 109, 8.4.2022, lch. 69).

42. 32022 R 0671: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/671 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ar ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí geirmeacha, maidir le gníomhaíocht leantach atá le déanamh ag an údarás inniúil i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair a shainaithint agus a chlárú nó i gcás neamhchomhlíontachta le linn idirthuras bó-ainmhithe áirithe tríd an Aontas, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 494/98 ón gCoimisiún (IO L 122, 25.4.2022, lch. 17).

43. 32022 R 1428: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1428 ón gCoimisiún an 24 Lúnasa 2022 lena leagtar síos modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar shubstaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe (IO L 221, 26.8.2022, lch. 66).

44. 32022 R 1644: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh (IO L 248, 26.9.2022, lch. 3).

45. 32022 R 1646: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1646 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus le húsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus le húsáid iarmhar díobh, agus maidir le hábhar sonrach pleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúil agus socruithe sonracha chun iad a ullmhú (IO L 248, 26.9.2022, lch. 32).

46. 32022 R 2292: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 316, 8.12.2022, lch. 100.

47. 32023 R 0174: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/174 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 25, 27.1.2023, lch. 36).

    Féach Airteagal 28 de Phrótacal Andóra.

CAIBIDIL 3

COISTÍ

1. 32002 R 0178: Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia – Airteagail 58, 59 agus 62 (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1), arna leasú le:

   – 32003 R 1642: Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 4),

   – 32006 R 0575: Rialachán (CE) Uimh. 575/2006 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2006 (IO L 100, 8.4.2006, lch. 3),

   – 32008 R 0202: Rialachán (CE) Uimh. 202/2008 ón gCoimisiún an 4 Márta 2008 (IO L 60, 5.3.2008, lch. 17),

   – 32009 R 0596: Rialachán (CE) Uimh. 596/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 (IO L 188, 18.7.2009, lch. 14),

   – 32014 R 0652: Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 1),

   – 32017 R 0228: Rialachán (AE) 2017/228 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2017 (IO L 35, 10.2.2017, lch. 10),

– 32019 R 1381: Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

2. 31977 D 0505: Cinneadh 77/505/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1977 lena mbunaítear Buanchoiste um Zóiteicnic (IO L 206, 12.8.1977, lch. 11).

CAIBIDIL 4

AN TÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

1. 32003 R 1304: Rialachán (CE) Uimh. 1304/2003 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2003 maidir leis an nós imeachta a chuireann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia i bhfeidhm maidir le hiarrataí ar thuairimí eolaíocha a tharchuirtear chuige (IO L 185, 24.7.2003, lch. 6).

2. 32004 D 0478: Cinneadh 2004/478/CE ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2004 maidir le plean ginearálta a ghlacadh le haghaidh bainistiú géarchéime bia/beathaithe (IO L 160, 30.4.2004, lch. 98).

3. 32006 R 0575: Rialachán (CE) Uimh. 575/2006 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le líon agus ainmneacha Phainéil Eolaíocha bhuana an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO L 100, 8.4.2006, lch. 3).

4. 32006 D 0478: Cinneadh 2006/478/CE ón gComhairle an 19 Meitheamh 2006 lena gceaptar leath de chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO L 189, 12.7.2006, lch. 7).

5. 32008 D 0486: Cinneadh 2008/486/CE ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 lena gceaptar leath de chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO L 165, 26.6.2008, lch. 8).

6. 32019 D 0300: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/300 an 19 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos plean ginearálta le haghaidh bainistiú géarchéimeanna i réimse na sábháilteachta bia agus beatha (IO L 50, 21.2.2019, lch. 55).

Léifear forálacha an Chinnidh seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún cás dá dtagraítear in Airteagal 56(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 a bhaineann go díreach le hAndóra agus ina gcuirfidh sé aonad géarchéime ar bun i gcomhréir le hAirteagal 56(2) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an gcomhordaitheoir géarchéime nó ar na comhordaitheoirí géarchéime arna n-ainmniú ag Andóra páirt a ghlacadh in obair an aonaid géarchéime.

CAIBIDIL 5

IONSTRAIMÍ AONTACHAIS

ROINN A

IONSTRAIM AONTACHAIS 2003

